

I. I nDAINGEAN UÍ CHÚISE

Níl aon bhaol ná gur breá í an óige, cé go bhfuil sí fá réim agamsa fós, agus ní thagann ciall roim aois.

Buachaill is ea mise a rugadh agus a tógadh thiar sa Bhlascaod Mhór, an t-oileáinín fíorGhaelach atá suite thiar thuaidh ar chósta Chiarraí, go bhfuil síonta na spéire agus tonnta na mara fiaine ag síorstealladh gan staonadh ó cheann ceann na bliana agus ó ghlúin go glúin i gcoinne na gcarraigeacha méisceach atá ina seasamh os cionn na farraige, agus as san isteach trí sna cuaiseanna mar a bhfuil na róinte ag neadú.

Is maith is cuimhin liom, in aois mo cheithre mbliana dhom, is é an áit go rabhas ná i nDaingean Uí Chúise fé choimhde mná iasachta; mar ná rabhas ach leathbhliain d'aois nuair a fuair mo mháthair bás, beannacht Dé dhílis lena hanam agus le hanmacha na marbh. Dá bhrí sin, ní raibh éinne chun aire a thabhairt domsa. Beirt dearthár agus beirt deirféar a bhí agam, ach ba bheag an chiall a bhí acu san ach oiread liom féin chun aire chóir a thabhairt dom. Dá dheascaibh sin, do chuir m'athair fé choimhde mná iasachta mé go Daingean Uí Chúise, fé mar a dúrt cheana.

Bá mhór go léir an smacht a bhíodh orainn, mar do bhí go leor eile mar mise ann, agus níl aon bhaol, pé áit go mbíonn scata páistí, ná go mbíonn siad crosta agus gleoch go maith uaireanta. Mhuise, ba mhór é ár ndochma roimh an scoil—ach ní galar éinne amháin é, is é mo mhóorthuairim—mar bhí sí 'ár múineadh máistreás a bhí comh liath le broc, dhá stranfhiacal lasmuigh anuas do liopa a béil, agus mara raibh sí crosta, ní lá fós é.

Is cuimhin liom an chéad lá a chuas uirthi. Is í Peig de Róiste a thug isteach ann mé agus í beirthe ar láimh orm, agus geallaim duit gur le plámás mór a mheall sí mé. —Ó, a deireadh sí, tabharfaidh mé isteach in áit dheas inniu thú. —Agus an bhfuil milseáin ann? arsa mise. —Ó tá go leor agus leabhartha deasa lán do phictiúirí leis ann, ar sise. Bhí sí ag meallaireacht liom mar sin riamh agus choíche nó gur chuas isteach léithi.

Do shuíos isteach ar an mbinse go cúthail in aice le Peig, go leor leor páistí ann, gleo an domhain acu. —Cá bhfuil na milseáin, a Pheig? arsa mise. Ní raibh san ach ráite agam nuair a thug an mháistreás fé ndeara mé. Do sméid sí aníos orm. —Téire suas, arsa Peig, tá sí chun na milseáin a thabhairt duit. Sea, bhí greim an duine bháite agam féin ar Pheig le heagla roim an máistreás. —Bog díom, ar sise, agus téire suas chúichi. —Téanam liom suas, arsa mise. —Seo leat, ar sise ag éirí ina seasamh, greim ar láimh aici orm féin.

Suas linn. Sheasaíos os a comhair amach go támáilteach. —Cé hé tuasa? ar sise, nó cad é an t-ainm atá ort? —Glaonn siad Muiris orm,

arsa mise. —Muiris *what?* ar sise go tur. —Muiris, arsa mise arís agus criothán im ghlór. —Tá go maith, ar sise, an maith leat milseáin? —Is maith, arsa mise. D'imigh sí agus thóg sí amach as cupard stán mór. Bhuail sí os mo chomhair amach é. —Anois, ar sise, tóg do rogha astu.

D'fhéachas isteach sa stán. Is ea chonac an radharc a chuir gliondar ar mo chroí, milseáin i ndeibh fir, muc, bád, capall agus mar sin dóibh. Bhíos i bponc anois, mar ní raibh a fhios agam ciacu ba cheart dom a thógaint. Sea, nuair a bhíos sách díobh, do thug sí leabhar dom a bhí lán do phictiúirí, agus chuir im shuí isteach ar an mbinse arís mé. —Bí id bhuachaill maith anois, ar sise liom, agus tar ar scoil gach lá—an dtiocfair? ar sise ag bualadh a lámha anuas ar mo cheann. —Tiocfad, arsa mise. —Tiocfair gan dabht, ar sise ag imeacht uaim suas go dtí an mbord.

Bhíos ansan ar mo shástacht agus mé ag féachaint tríd an leabhar, ach deirimse leat ná raibh dearúd agam á dhéanamh ar an mbéal, go raibh sé lán i gcónaí. Is gearr anois gur chuala glór éigin an-dheas, thógas mo cheann do theip, agus cad a chifinn ach cloigín ina láimh ag an máistreás agus í á chrothadh. —*Playtime*, ar sise, agus amach linn go léir in aonacht. —Cad atá le déanamh anois, a Pheig—abhaile, is dócha? arsa mise. —Ó ní hea, arsa Peig, ach leathuair a chloig rí-rá a bheidh anso amuigh againn.

Ach aon ní amháin, a léitheoir, sara raghad níos faide leis an scéal, ní raibh focal Gaelainne im pus an uair sin ná aon chuimhneamh air, ach Béarla ar fad.

Nuair a chuamair amach ar an bpáirc, seo leis na buachaillí ag bualadh caide, mé féin ag iarraidh a bheith comh maith le fear, ach ambasa más ea níor éirigh liom rófhada, mar an riabhach do spreallaire mór fada ná gur thug speach don gcaid, bhuail mé féin go tráthúil isteach san aghaidh léithi, do leag ar fhleasc mo dhroma mé gan léas radhairce agam ná léas meabhrach a dh'fhágaint im cheann.

Le linn mé thiteam, do chuala Peig ag gol go rabhas marbh, agus níor chuimhin liom a thuilleadh nó gur osclaíos mo shúile istigh sa scoil, na buachaillí agus na cailíní im thimpeall agus na deora ag sileadh le Peig.

—Maith an buachaill, arsa Peig, níl tada ort, conas a bhraitheann tú? —Táim go maith, arsa mise. —B'fhéidir go n-íosfá oráiste, arsa an múinteoir. —Íosfad, go raibh maith agat, arsa mise. Ní fada a bhí nuair a thagann sí chugham le ceann mór, agus mise á rá leat gur imigh an tinneas cinn go tapaidh. Féach gur fuirist an óige a mhealladh.

Bhíos ag dul ar scoil gach uile lá as san amach, agus más ea bhí na milseáin agus an tláithinteacht ag dul i bhfuair i leabaidh a chéile. Dá dheascaibh sin, bhí col ag teacht leis an scoil agam,

seacht gcúirimí an tsléibhe orm, dar liom, nuair a bhí mo mhála leabhar agam, agus orm é seo dh'fhoghlaim agus é siúd. Is gearr anois ná raibh éinne ar domhan ba mheasa a bhí ag maireachtaint ná mé féin.

Do bhí tigh na mbocht an-ghairid dúinn, mar a raibh go leor daoine agus a mháchail féin ar gach duine acu, ach aon dream amháin go raibh an-thóir againn orthu, b'iad san na dallacáin. Is mó tráthnóna maith a chuamair suas chúchu ag imirt cleas orthu, cleasa ar mhaithe linn féin. Ba mhór é ár ndúil sa tsuícre, agus is acu súd a bhíodh sé agus é déanta suas go deas i málaí acu, agus mise á rá leat go bhfaigheadh sé stracadh maith uainn féin nuair a dh'fhaighimis an chaoi air, agus b'fhuirist an chaoi sin d'fháil, go mórmhór ar na dallacáin, mar ní raibh aon radharc acu orainn.

Ach ní ritheann i gcónaí leis an ngadaí. Aon tráthnóna amháin do chuamair suas arís, isteach linn, cúigear nó seisear againn in aonacht. Bhíomair ag déanamh go maith agus ár bpócaí lán don tsuícre againn. Amach linn agus faobhar fúinn chun luí cois claí agus póit a chur orainn féin leis an siúcre. Ach ní fada ó bhaile a bhíomair nuair a chonaicemair chughainn tríd an ngairdín an bhanaltra, strapa ina lámh aici, an geata dúnta aici ina diaidh agus fuadar nimhe fúithi.

—Och, Dia linn, a bhuachaillí, arsa mise, táimíd réidh anois nó riamh, cad a dhéanfaimíd? —Ambaiste, arsa Micil Díc, is fearr rith maith ná drochsheasamh. —Ach cá dtabharfam ár n-aghaidh? arsa mise. —Fé Chnoc an Chairn, arsa Micil.

Seo linn, fear soir agus fear siar, an bhanaltra 'ár ndiaidh. Sin é an áit go raibh na liúirigh ag na buachaillí ná raibh aon taitheasc iontu, mar do fuairadar é ó thalamh ón mbanaltra, nuair a bheir si greim orthu.

Bhí scrothaíocht mhaith ionamsa san am san, agus dá bhrí sin ní rabhas i bhfad ag baint bharr an chnoic amach. Nuair a bhí a fhios agam go rabhas ó bhaol, stadas agus d'fhéachas tharm, agus cé bheadh aníos chugham ach Micil agus giorranál air. Thugas fé labhairt leis. Ní fhéadfainn. Sa deireadh tháinig m'anál dom, agus d'fhiafraíos dó cá raibh an chuid eile. Ní bhfuairas aon fhreagra. Fhuigh sé ar thortóig, shín sé siar ar a fhaid agus ar a leithead, dhón a dhá shúil go dlúth ar a chéile. Gheit mo chroí orm. Léimeas chuige, ní raibh dé ann, scréachas, bheireas isteach ar chom air, ní fhéadfainn bogadh ná sá a bhaint as, bhíos rólag. Sa deireadh bheireas ar dhá chois air, tharraigíos síos im dhiaidh é le fánaidh an chnoic go dtí portach uisce ná raibh ach timpeall cúig slata síos uainn. Bhaistear go maith é ach sin a raibh dá bharr agam, aon dé ní raibh ag teacht ann. Sa deireadh thiar thall chuimhnios ar a cheann do shá isteach san uisce. Dheineas, agus más ea gur thugas

iomlasc maith dhó. Tharraigíos amach arís é, agus is gearr go raibh sé ag teacht chuige féin, cubhrán bán amach as a bhéal, gach re buille agam féin air riamh agus choíche nó gur oscail sé a dhá shúil.

—Tar slán, a Mhicil, arsa mise, agus dar fia dhein gáire. —Cá bhfuilim? ar seisean. —Tánn tú in áit mhaith, a bhuachaill, arsa mise. Ach is é deireadh agus críoch na mbeart é go raibh leathuair a chloig agus é ina bhalbhán béicear sara dtáinig aon léas meabhrach dó.

D'fhanamair ansan ar bharr an chnoic go raibh an doircheacht againn, mar ní ligfeadh an t-eagla dhúinn tabhairt fé abhaile sa ghealas, le heagla na heagla go bhfeicfeadh an bhanaltra sinn. Ach cad é an mhaith sin, mar bhí an léasadh romhainn siúrálta nuair a raghaimís abhaile, mar b'é ár ndualgas bheith sa leabaidh ar a sé a chlog. B'shin í an fhadhb. —Sea, a Mhicil, arsa mise, is é dul ón olcas go dtí an donas againn é fanacht anso—téanam ort.

Thugamair fé go mall leisiciúil nó gur bhuaileamair isteach an doras. Beireadh ar stuaic go tapaidh orm féin agus mar an gcéanna ar Mhicil. Striopáladh dúinn anuas, gach re stiall acu orainn nó go rabhamair leathmharbh acu, gan greim ná bolgam a thabhairt dúinn ach sinn a chaitheamh isteach sa leabaidh. Mise á rá leat nach codladh a dheineamair an oíche sin ach pian agus tinneas ag gabháil stealladh dhúinn.

Lá arna mháireach do bhogamair linn go mall righin tromchroíoch chun na scoile. Sinn leath bealaigh, —Ní fheadar cad a déarfá le dul ag múitseáil? arsa Micil liom féin. Stadamair. Bhuaileas féin mo dhrom isteach leis an bhfalla ag machnamh. Sa mhachnamh dom, cad a chífinn chugham aníos tríd an halla ach fear agus beirt bhan, iad ag leamhgháirí agus ag féachaint orm féin. Bhí ardionadh orm cad fáth ná rabhadar ag féachaint ar Mhicil. Seo chugham anall iad corp ar aghaidh. Tháinig eagla orm rompu. Ritheas. Sa rith dhom do chuala m'ainm á ghlaoch ag ceann do sna mná, leanas orm nó gur luíos i bpoll taobh thiar don ngeata, agus dar fia go bhfuairas caoi ar bheith ag gliúcaíocht orthu trí scoilt a bhí ann.

Sea, chonac Micil ansan agus iad ag caint leis. Ní fada sa gliúcaíocht dom nuair a chonac Micil agus é ag fáil úlla agus oraistí uathu. Nuair a chonac san, níor thugas an tarna stracfhéachaint, ach seo liom ar bhás agus ar dhícheall nó gur thána i ngiorracht cúpla slat dóibh.

Seo chugham anall bean acu. —Canathaobh gur rithis mar sin ó chianaibh? ar sise. —Níl faic, arsa mise go cúthail. —An bhfuil a fhios agat cé hí mise? —Ní fheadar. —Is mise t'aintín, ar sise, agus do thóg sí suas ar a baclainn mé agus do phóig mé. Dhein an bhean eile mar an gcéanna liom. —Sin aintín eile dhuit, arsa an chéad bhean, agus sin uncail duit, ar sise ag síneadh a méire go dtí an

bhfear a bhí ina sheasamh láimh linn.

Lena linn sin, do labhair an fear amach i nGaelainn, mar ní raibh aon eolas ar an mBéarla aige, nó, má bhí, níor chuir sé in úil dúinn é. —Cad é an saghas cainte atá ag an bhfear san? arsa mise leis an mbean go rabhas ar a baclainn aici. —Gaelainn é sin, ar sise. —Cad é an rud Gaelainn? arsa mise arís. —Ó fan go fóill, ar sise, nó go raghair abhaile, sin é an uair a bheidh an Ghaelainn agat. —Cá bhfuil mo bhaile? arsa mise, ná níl aon Ghaelainn sa bhaile seo againne. —Ní hé sin do bhaile, a Mhuiris, ar sise, ach an Blascaod.

Do bhíos comh dall ar cad a dúirt sí mar gheall ar an mBlascaod agus a bhí an scadán a bhí ag pilleáil i mBá an Daingin. —Tá t'athair chun teacht an chéad lá eile chun tú thabhairt abhaile—an maith leat é? ar sise arís. —Cé hé m'athair? arsa mise. —Nach minic a bhí t'athair ag caint leat? ar sise arís, agus ba chóir duit aithne bheith agat air fadó. —Ní fheadar, arsa mise, ciacu do sna fearaibh é, mar tagann mórán chugham acu. Dhein sí gáire mór. —Ó mhuisse, is ait í an óige, ar sise leis an mbean eile.

Bhíos ag cur ceisteanna go dtí m'aintín anois, nuair a bhí mo mhisneach ag teacht chugham, mar gheall ar an mBlascaod, agus mé go han-shásta, mar do bhí lán mála do mhilseáin, oráistí, úlla agus a leithéidí agam, agus ise ag freagairt gach ceist acu go pras.—Agus an bhfuil milseáin sa bhaile ag m'athair? arsa mise tar éis úll breá dh'alpadh siar. —Ó tá, ar sise, agus gach uile rud.

I gceann tamaill, lig sí anuas ar an dtalamh mé, phóg gach duine acu mé, d'fhág slán agus beannacht ag beirt againn, agus bhailimh leo.

Casann m'uncaíl arís agus tagann i leath chugham. Seo ag caint le beirt againn é agus gan aon tuiscint againn air. Is gearr gur chuir sé rais mhór chainte as, rais eile ina diaidh. Ní raibh a fhios againn cad a bhí aige á rá. D'fhéachas féin ar Mhicil, d'fhéach Micil orm, ardiontas againn á dhéanamh dó. Nuair a bhí sé ag imeacht, chuir sé lámh ina phóca agus thug leathchoróin dom féin agus scilling do Mhicil.

—Ní fheaca riamh aon phingin comh geal leis seo, arsa Micil, cá bhfuil do phinginse? —Féach í, arsa mise, is mó í ná do phinginse. —Ní fheadar cad is fearra dhúinn a cheannach orthu, arsa Micil. —Ceannóimíd úlla agus milseáin, arsa mise, agus beidh saol an mhadra againn orthu. Ó ár ndearúd, a Mhicil, cad mar gheall ar an scoil? Th'anam 'on diucs, deinimís deabhadh.

Seo linn sna cosa in airde nó gur bhaineamair amach an scoil. Chuamair isteach agus saothar an domhain orainn. Bhíomair uair a chloig déanach. Cheapamair, a mhic ó, go raibh na cosa againn agus sinn chun suí isteach ar an mbinse ar ár sástacht, nuair a ghlaoigh an mháistreás anois orainn.

Seo linn suas go trom leisciúil agus sheasamair os a comhair amach. Bhí sí ansan ina stuidéar, muc ar gach mala léi, í ag breithniú orainn féna fabhraí.

Sa deireadh labhair sí: —Cad a choimeád sibhse comh déanach? ar sise go tur. D'fhéachas ar Mhicil, agus más ea bhí sé ag pusaíl ghoil. —Cuir uaim do chuid pusaíochta, ar sise arís go feargach, ach freagair mo cheist. —Ní rabhamair in aon áit, a mháistreás, arsa mise, ach nuair a bhíomair ag teacht uirthi, do bhuail daoine muinteartha dhomsa linn agus do choimeádar ag caint sinn. —Nach deas an leathscéal go gcuimhníonn tú air! ar sise go feargach arís. Téire amach, ar sise, agus bain slat mhaith ramhar dom agus tabhair chugham isteach í, a bhuachaill mhaith—ná faighim a thuilleadh dod chuid bladaireacht!

Seo liom amach agus bhaineas an tslat ba mheasa a bhí ann agus thugas chúichi isteach í. Bheir sí uirthi, d'fhéach uirthi. —Sea, tá san go maith, is dóigh liom, ar sise, sin amach do lámh. Shíneas, agus má shíneas, fuaireas go dóite é. —An lámh eile anois, ar sise, agus fuaireas an rud céanna, fuaireas trí bhuille ins gach lámh sara raibh sí réidh liom, agus Micil comh maith. Luíós mo shúil air chun gan gol in aon chor, chun a thuilleadh cancair a chur uirthi.

Thug sí siar ansan sinn go dtí an ceann tiar don scoil. Bhí dhá pholla ina seasamh ansan, ag teacht anuas ó dhrom an tí go dtí an t-urlár, mar a mbímís ag gleacaíocht i gcónaí. Cheangail sí duine againn do gach polla. Bhíomair ansan ceangailte, agus má bhíomair féin, bhíomair go sásta, mar ní raibh aon cheacht á chur orainn, agus sin é a bhí uainn.

Timpeall leathuair a chloig a bhíomair ann nuair a tháinig cnag ar an ndoras. Nuair a chualagh an mháistreás é sin, léim sí don gcathaoir. Seo anall í, seo sall í, bhí sí gan aon léas meabhrach anois, mar bhíomarna rócheangailte chun sinn a scaoileadh do theip. Deineadh an cnag arís ar an ndoras go feargach, do bhris ar an bhfoighne sa deireadh aici, d'oscail sí an doras, agus cé bheadh ann ach an sagart.

Nuair a chonac féin cé bhí ann, d'fhéachas ar Mhicil: —Tá linn anois, a bhuachaill, arsa mise, ní fada go bhfeicfir spórt.

Shiúlaigh sé isteach, stán milseán ina lámh aige mar ba ghnách, seo ag caint leis na páistí é, an mháistreás fén am so agus cló an bháis uirthi, agus fáth aici leis. Sin é an uair a bhí na gáirí geala againn. I gceann tamaill, d'fhiafraigh an sagart cá raibh Muiris agus Micil. —Táimíd anso, arsa beirt againn d'aonghuth. Seo chughainn anall é agus scéan ina radharc. —Ó, Ó, Ó, ar seisean, cad fé ndeara é seo? cé cheangail ansan sibh? —An mháistreás, a athair, arsa mise. —Canathaobh? ar seisean. —Neosadsa dhuit é, a athair, arsa mise. Nuair a bhíos féin agus Micil ag teacht ar scoil ar maidin, do bhuail

daoine muinteartha liom féin linn, agus do choimeádadar ag caint sinn nó go rabhamair uair a chloig déanach ar scoil.

Lena linn sin do sméid sé anuas ar an máistreás. Tháinig sí agus gan inti ach deireadh na feide. —Cad so, cad so déanta agat leis na páistí bochta laga? arsa an sagart. —Ó, a athair, ar sise, faighim pardún agat, ach bhíos chun beagáinín eagla a chur orthu. —Féach, a athair, arsa mise, ag taspáint mo lámh dhó a bhí clogaithe ar fad ag na buillí. —Ó mo náire é, arsa an sagart, is gearr an mhoill orm thú chur amach don scoil ar fad, ar seisean, má leanann tú don obair seo. Scaoil iad go tapaidh, ar seisean, agus má fhaighimse amach go ligfir do lámh orthu so arís, beidh scéal nua agat le hinsint.

Ní fheaca riamh aon fhearg ag teacht ar aon tsagart go dtí an lá úd, agus dúirt liom féin go dtagann sí orthu comh maith le cách. B'é críoch agus deireadh na mbeart é go raibh an lá fén dtor ag beirt againn, mar fuaireamair deireadh an lae sin saor.

Is cuimhin liom lá breá eile i bhfad ina dhiaidh sin agus mé ar mo thuras go dtí an scoil dom. Tá cloigín os cionn doras na hallach agus slabhra ag teacht anuas uaidh chun é do tharrac, cloigín a chuireadh in úil do sna daoine cad a bheadh ar siúl—dinnéar, suipéar, an tAifreann, nó an Paidrín Páirteach, b'fhéidir. Ní raibh ceol le baint as mura mbeadh gnó leis. Do tharlaigh dom féin ná raibh mórán eolais agam air san am san. Bheireas ar an slabhra ag cleasafocht leis agus bhaineas stracadh deas as a chuir ceol ar fuaid na háite. Thaitnigh an ceol san liom go mór, agus dá dheascaibh sin do bhaineas stracadh maith eile as a chuir fuaim níos fearr ar fuaid na háite. Bhaineas cúig stracadh maithe as.

Fé cheann nóiminte, ní raibh seandúine, bacach ná mairtíneach ná go raibh ag baint na sál dá chéile ag rith chun na hallach. Bhí bulc chugham aníos, bulc eile chugham anuas, fear anoir, fear aniar. Dar fia, chuimhníos féin ar mo bhotún, dá óige a bhíos. Seo liom féin ina measc. Chloisinn na seandaoine ag cur is ag cúiteamh le chéile, fuirse an domhain orthu. —Ní haon dinnéar atá ann, a deireadh fear le fear eile. Seo cuid acu fé dhéin an tsáipéil, seo iad go léir. Bhíos ag tabhairt gach ní fé ndeara, níor ligeas aon ní orm.

Bhí cibeal agus gibris agus dul trí chéile sa halla anois. Súil dar thugas siar, cad a chifinn ach an mháistreás agus a hál ina diaidh ag teacht fé dhéin an tsáipéil. Ligeas orm ionadh bheith orm chomh maith le cách, sméid sí orm, seo liom féna bráid. —Cad atá ar siúl, a Mhuiris?, ar sise. —Ní fheadar 'on domhan, a mháistreás, arsa mise. Seo léi agus sinne ina diaidh go dtí an sáipéal, chuamair ar ár nglúine, bhí an sáipéal lán ó cheann ceann. Más ea, ní raibh aon tsagart ag teacht, agus a fhios agam féin go maith ná tiocfadh.

I gceann tamaill, cé gheobhadh isteach ach bean rialta. Labhair

sí leis an bpobal: —Cad a thug anso sibh? ar sise, nó cé chuir an cloigín ar siúl? D'éirigh an mháistreás ina seasamh agus dúirt gurbh ait an gnó d'aon duine a leithéid do dhéanamh, go mórmhór daoine ná raibh in ann siúl do thógaint amach as na cúinní agus an lá do chur amú uirthi féin.

Nuair a bhí deireadh ráite aici, do thug an bhanaltra ordú don bpobal imeacht. Mise an uair sin agus fuarallas agam á chur díom, agus gach aon léim ag mo chroí, mar tuigtí dhom, nuair a dh'fhéachadh éinne orm, go raibh sé le haithint aige gur mé a bhí ciontach. Do tharlaigh an scéal go raibh deireadh an lae saor againn dá bharr.

Oíche amháin gheimhridh a bhí fiain go maith maidir le cnagar-nach á bhaint an pánaí na bhfuinneog ag an sneachta, feadaíl uaigneach ag an ngaoith ag séideadh i measc na gcrann ar an dtaobh amuigh, gángarnach ag asal i bhfad uaim le fuacht na hoíche, agus mé féin an uair sin sínte ar fhleasc mo dhroma sa leabaidh bhreá chluthair, mé ag cuimhneamh agus ag siormhachnamh ar an mBlascaod, cad é an lá go mbeinn ann im fhear gan smacht ag na banaltraí orm ná scoil ag cur tinnis orm, agus ná beadh an mháistreás am bhualadh, is gearr go gcuireadh cith mór sneachtaidh an Blascaod as mo chuimhne, do chloisinn an t-asal beag ag gáingarnaigh i bhfad i gcéin, do chuireadh sé trua orm. Ó, dá mbeinn san áit go bhfuileann tú anois, a asailín, nach orm a bheadh an scanradh roimh na púcaí!

Lena linn sin, tháinig cnag ar an ndoras. —Cé tá ansan? arsa banaltra. —Lig isteach mé, arsa an guth go truamhéileach. D'oscail an bhanaltra an doras, agus léimeann sí isteach bean bheag mheánaosta, cúpla páiste lena cois, iad gioblach go maith, cuma na siúlóide orthu, an braon ag sileadh ó bhonn baitheas leo.

—Go mbeannaí Dia anso sibh! ar sise. —Dia is Muire dhíbh! arsa an bhanaltra. —Ar son Dé, an féidir libh aon tslí a dhéanamh istigh go maidean dúinn ó fhuacht na hoíche? arsa an stracaire mná. —Gheobhaidh sibh agus míle fáilte, arsa an bhanaltra.

Tugadh trí chathaoir dóibh le suí orthu. Deineadh tae dhóibh. Shuíodar chun boird, ní raibh aon fhocal eile le fáil ón mbean bhocht, ach gach stracfhéachaint aici ar an ndoras, cuma fhaitíosach uirthi, ar nós duine go mbeadh coir mhór déanta aige.

Ní raibh ach cúpla greim ite acu nuair a tháinig cnag mór eile ar an ndoras. Rith an bhanaltra amach: —Cé tá ansan? ar sise. —Constáblaí, arsa an guth go tapaidh amuigh á freagairt.

Lena linn sin, do léim an bhean bhocht ón mbord, do scréach sí agus do liúigh sí: —Ó, Dia lem anam, ar sise, táim acu.

Oslaíodh an doras agus do léim beirt chonstáblaí isteach, iad glan go hard os cionn sé troithe, iad comh díreach le coinneal, cuma

fhiaín orthu, d'aithneodh éinne orthu go rabhadar ar thóir na mná boichte.

—Cad a thug anso isteach tusa? arsa ceann acu léithi go mífhoighneach. Níor fhreagair an bhean bhocht, ach crith cos agus lámh uirthi. —Táim á chur id leith gur bhrisis na pánaí ar an sáipéal chun dul isteach ann, arsa ceann acu do ghuth mhór gharbh. Do scréach an bhean. Do bheir duine acu ar gach lámh uirthi agus d'ardaíodar leo an doras amach í.

Bhíos ag féachaint orthu ar feadh an ama so. Thosnaíos ag machnamh arís, agus mé ag éisteacht léi ag imeacht ón dtigh agus béicigh agus ag liúirigh, gurbh aít an saol é smacht ar an mbean mhór láidir sin comh maith liom féin. Do chloisinn anois is arís foscread á ligint aici, agus fé mar a bhí sí ag imeacht uaim, bhí an bhéiceach ag dul i laige, nó gur thiteas i dtromshuan.

Ní fada go rabhas i dtaibhreamh, go rabhas féin agus Micil Dic ag siúl trí pháirc bhreá leathan i mBaile an Mhuilinn ag baint bláthanna deasa. Nuair a bhí ár ndóthain bainte againn, do shuíomair síos, ag caint ar an scoil agus ar bhriolla-bhrealla, mar is gnách le páistí a bheith, agus i gceann tamaill dar liom gur thit Micil dá chodladh.

Bhíos ag féachaint air, agus é ag srantarnaigh go breá fada réidh, mé ag cuimhneamh gurbh aít an rud an codladh céanna, agus cad a chlínn ag teacht aniar as a bhéal ach peidhleacáinín deas bán, dar liom. Seo leis ag siúl síos ar a chorp. Stadas, mhachnaíos gur ghreannúr an rud é theacht aniar as a bhéal. Seo síos an peidhleacáinín fén bpáirc. D'éiríos agus leanas é, dar liom, riamh agus choíche nó gur tháinig sé go dtí geata iarainn. Seo leis in airde trí shlata an gheataigh ó shlat go slat, agus é go breá mall ag cur dó, mise ag breithniú air. Nuair a tháinig sé go dtí barr an gheataigh, seo leis an taobh eile síos. Stadas. Bhíos ag faire ar gach cúrsa dá raibh aige á thabhairt isteach, nuair a tháinig sé anuas don ngeata isteach i bpáirc eile. Do bhí seanchloigeann capaill ansan cois clai a bhí ann le blianta, comh fada lem thuairim. Seo isteach an peidhleacáinín trí áit na súl, faire mhaith agam féin air. Ní raibh sé ag teacht amach. Is dóigh liom gur thug sé suas le cúig nóimintí istigh. Na deireadh tháinig sé amach trí bhéal an chloiginn, aníos leis go dtí an ngeata arís, agus in airde leis trí gach slat nó gur tháinig sé anuas ón dtaobh eile, mar ar tháinig sé aníos roimis sin. Suas leis tríd an bpáirc, mise ina dhiaidh riamh agus choíche, nó gur chuaigh isteach i mbéal Mhicil arís.

Lena linn sin, do dhúisigh sé, d'fhéach ina thimpeall, do dhein leamhgháire. —Cá bhfuilim? ar seisean. —Ná haithníonn tú an áit? arsa mise. Níor liges faic orm mar gheall ar an bpeidhleacáinín. —Ó a Mhuiris, ar seisean, suigh síos go neosad duit an taibh-

reamh breá deas a bhí anois agam. Shuíos.

—An gcreidfeá gur taibhríodh dom sinn a dhul amú ar a chéile nuair a bhíomair ag baint na mbláthanna, agus go rabhas ag imeacht liom riamh agus choíche nó gur thána go dtí bóithre iarainn a bhí ag dul tharna chéile ar nós snáithín stoca. Ní fheadar do thalamh an domhain cá rabhas, bhíos ag scréachaigh agus ag glaoch ortsa, ach sin a raibh do mhaith dhúinn ann. Nuair a thána go dtí deireadh an bhóthair iarainn, do chonac uaim tigh mór geal. Chuas féna dhéin. Is ea bhí doras mór cruinn gan aon chomhla air. Stadas agus d'fhéachas air. Dia lem anam, arsa mise liom féin, cad é an áit é seo, nó an raghad isteach? Ó, níl aon bhréag sa méid sin, a Mhuiris. —Ó, creidimse thú go maith, arsa mise, lean leat.

—Sea, chuas isteach, agus má chuas, ní raibh éinne beo ná marbh agam le feiscint. Bhíos ag imeacht ó sheomra go seomra, ach ambriathar féin, a Mhuiris, go raibh mo dhóthain faitís ag teacht orm. —Níorbh aon ionadh dhuit é, arsa mise. —Sea, dar fia, dar liom go rabhas ag dul amú ins na seomraí agus nárbh fhéidir liom doras na sráide a dh'fháil amach. Bhíos ag púcáil liom riamh agus choíche nó gur bhaineas amach é, agus an riabhach dom ná gur chasas ar mo sháil aníos trí sna bóithre céanna, agus díreach is mé aníos tríd an bpáirc is ea dhúisíos.

—Slán do scéalaí, arsa mise. De dhealramh, arsa mise agus mé ag féachaint in airde ar an ngréin, nuair a bhíonn duine ag taibhreamh, go mbíonn peidhleacáinín bán tar éis teacht amach as a bhéal, agus é ag siúl leis, agus nuair a thagann thar n-ais, gurb shin é an uair a dhúisíonn sé. —Canathaobh go ndeir tú é sin? arsa Micil. —Mar do chonac ag teacht amach as do bhéals é, nuair a bhís id chodladh, agus ag siúl síos tríd an bpáirc, in airde tríd an ngeata san thíos, agus as san isteach trí shean-chloigeann capaill atá istigh sa pháirc sin thall. Tháinig amach arís, aníos tríd an áit chéanna, agus isteach id bhéal. Sin é an uair chéanna a dhúisís, agus comh siúrálta agus atánn tú beo, sin é an tigh mór go rabhais istigh ann.

Lena linn sin, do dhein Micil aon scarta amháin gáire a dhúisigh as mo chodladh mé, agus cad a bheadh ach Micil agus a chroí briste ar an dtaobh eile dhom nuair a chuala sé ag caint trím chodladh mé. D'éirigh gach duine againn, d'ullmhuigh iad féin chun scoile, agus as go brách linn; agus do bhíos féin an lá san agus gan aon ní agam á fhoghlaim ach ag insint an taibhreamh do Mhicil.